

**Trasnáil mhór i gcomhair freagra i scríbhinn maille le díospóireacht G-000006/2018
ar an gCoimisiún**

Rule 130b

Ivan Jakovčić

thar ceann an Ghrúpa ALDE

Ábhar: Lá na hEorpa a aithint mar lá saoire poiblí agus é mar aidhm dó luachanna an Aontais a chur chun cinn.

Is é Lá na hEorpa é an 9 Bealtaine, i gcuimhne ar an Dearbhú a thug Robert Schuman uaidh an 9 Bealtaine 1950, dáta a mheastar go traidisiúnta mar an dáta ar cuireadh tús le hAontas Eorpach an lae inniu a thógáil. Ar thaobh amháin, leis an lá sin, leagtar béim ar go bhfuil an tAontas Eorpach bunaithe ar phrionsabail an smachta reachta agus an daonlathais, agus meabhraítear leis conas a dhéanann an tAontas saol na ndaoine a athrú ó bhonn ar bhealach a leasa. Ar an taobh eile, is deis é atá i Lá na hEorpa caidreamh níos dlúithe a chruthú i measc na saoránach, bua a fháil ar an dearcadh atá ag dul i méid go bhfuil bearna idir na daoine agus na hinstiúidí Eorpach, agus bearta a dhéanamh i gcoinne na meonta frith-AE atá ann i roinnt codanna den Aontas. Maidir leis an méid sin:

1. An spreagfadh an Coimisiún na Ballstáit Lá na hEorpa a aithint mar lá saoire poiblí, agus más amhlaidh go spreagfadh, conas a dhéanfadh sé amhlaidh?
2. An féidir leis an gCoimisiún a rá cad iad na bearta atá glactha cheana chun luachanna coiteanna an Aontais a chomhroinnt idir na daoine agus na hinstiúidí Eorpacha, d'fhonn a áirithiú nach amháin go mbeadh an 9 Bealtaine mar lá ceiliúrtha ar ráiteas bunaidh lánpháirtiú na hEorpa, ach go dtabharfaí deis leis machnamh a dhéanamh ar mhórdhúshláin, e.g. maidir le himirce agus slándáil, agus maidir leis ngeilleagar?
3. An bhfuil aon bhearta á nglacadh faoi láthair ag an gCoimisiún chun Lá na hEorpa a chur chun cinn mar lá ar a dtugtar aitheantas do luachanna shaoránaigh an Aontais?